Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024
(OR. en)

10984/24

JAI 993
COPEN 312
DROIPEN 176
CATS 58
FREMP 298

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10000/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Todhchaí dhlí coiriúil an Aontais: moltaí maidir leis an mbealach chun cinn' |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 13-14 Meitheamh 2024, d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) sraith Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Todhchaí dhlí coiriúil an Aontais: moltaí maidir leis an mbealach chun cinn'. Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a d'fhormheas an Chomhairle é.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**'Todhchaí dhlí coiriúil an Aontais: moltaí maidir leis an mbealach chun cinn'**

**Réamhrá**

a) Tá plé déanta le blianta fada ar fhorbairt dhlí coiriúil an Aontais Eorpaigh agus ar na prionsabail lena rialaítear é, laistigh de na hinstitiúidí agus i measc saineolaithe acadúla araon[1]. Cuireadh dlús leis an bplé sa tréimhse díreach roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, lenar tugadh isteach bunúis nua dlí do dhlí coiriúil an Aontais. Formheasadh conclúidí tiomnaithe ón gComhairle maidir le samhailfhorálacha, mar threoir do phlé na Comhairle ar an dlí coiriúil, an 27 Samhain 2009[2], agus tháinig an teachtaireacht ón gCoimisiún[3] dar teideal *Toward an EU criminal policy: Ensuring the effective implementation of EU policies through criminal law* [I dtreo bheartas coiriúil don Aontas: Cur chun feidhme éifeachtach bheartais an Aontais a áirithiú tríd an dlí coiriúil], ina dhiaidh sin in 2011. Glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Bealtaine 2012 maidir le cur chuige an Aontais i leith an dlí choiriúil in 2012[4].

b) Glacadh líon mór ionstraimí de chuid an Aontais i réimse an cheartais choiriúil ó shin ar bhunús dlí Airteagal 82 agus Airteagal 83 CFAE mar a tugadh isteach le Conradh Liospóin. Leis na hionstraimí sin, tugadh aghaidh, mar shampla, ar choireacht fhíorthromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi (Airteagal 83(1) CFAE), tugadh isteach bearta chun beartas de chuid an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtúil (Airteagal 83(2) CFAE) agus cruthaíodh dlí nós imeachta coiriúil (Airteagal 82 CFAE). Ina theannta sin, glacadh Rialachán Eurojust ar bhonn Airteagal 85 CFAE agus bunaíodh Oifig cheannródaíoch an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar bhonn Airteagal 86 CFAE.

---

1 Féach, mar shampla, an Forógra maidir le Beartas Coiriúil an Aontais in 2009 (www.crimpol.eu) agus an Forógra maidir le Dlí Nós Imeachta Coiriúil na hEorpa in 2013 (www.zis-online.com).

2 16542/2/09.

3 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52011DC0573

4 IO C 264 E, 13.9.2013, lch. 7.

c) Rinne an Chomhairle agus an Pharlaimint, mar chomhreachtóirí, agus an Coimisiún gach iarracht i rith an ama sin a áirithiú go ndréachtófaí reachtaíocht choiriúil den cháilíocht is airde is féidir. I ndáil leis sin, is léir tábhacht ar leith ag baint leis na pointí seo a leanas maidir leis an dlí coiriúil substainteach:

– gur cheart do reachtóir an Aontais a áirithiú go ndéanfaí prionsabail an dlí choiriúil a comhaontaíodh, ar nós prionsabal na dlíthiúlachta, a urramú go hiomlán, chomh maith leis an bprionsabal nár cheart an dlí coiriúil a úsáid ach mar rogha dheireanach (*ultima ratio*), agus ndéanfaí cosaint na gceart bunúsach i gcoitinne a uarramú go hiomlán freisin,

– go ndéantar comhsheasmhacht inmheánach *acquis* dhlí coiriúil an Aontais a choimirciú,

– go n-urramaíonn ionstraimí dlí choiriúil an Aontais córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát agus go mbíonn an tsolúbthacht is gá iontu chun iad a chur chun feidhme ar bhealach nach gcuireann isteach ar chóras ná ar chomhsheasmhacht na ndlíthe coiriúla náisiúnta.

Maidir leis an dlí nós imeachta coiriúil, ba é ba mhó agus ba leithne a féachadh le déanamh ná a áirithiú go n-éascaíonn ionstraimí an Aontais an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus córais agus traidisiúin éagsúla dhlí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, agus go bhfuil siad comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear coinbhinsiúin ábhartha Chomhairle na hEorpa.

d) Is léir anois, áfach, leis an líon mór tograí ina bhfuil gnéithe den dlí coiriúil i réimsí beartais éagsúla, gur dúshlán é do na comhreachtóirí na gnéithe sin go léir a chur san áireamh go córasach agus go hiomlán.

e) Anois, agus sinn idir dhá thimthriall reachtacha, is tráthúil aghaidh a thabhairt ar thodhchaí dhlí coiriúil an Aontais ar bhealach cuimsitheach, ionas gur féidir cáilíocht na reachtaíochta coiriúla a fheabhsú.

**<u>Conclúidí ón gComhairle</u>**

**Breithnithe ginearálta**

1. Tá sé d'oibleagáid ar an Aontas Eorpach a áirithiú, agus gníomhaíochtaí ar bun aige i réimse an dlí choiriúil, go n-urramaíonn sé na prionsabail shonracha lena rialaítear an réimse sin, mar shampla prionsabal na dlíthiúlachta agus prionsabal *ultima ratio*, chomh maith le prionsabail ghinearálta na tabhartha inniúlachta, na coimhdeachta agus na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 4 CFAE agus in Airteagail 4 agus 5 CAE.

2. Go háirithe, níor cheart ionstraimí agus forálacha an dlí choiriúil a ghlacadh ach amháin nuair is gá chun cuspóirí na n-ionstraimí agus na bhforálacha sin a bhaint amach, nuair nach féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar bhealaí eile agus nuair atá bunús dlí soiléir ann dóibh.

3. I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[5], ní mór an gá atá le haon ionstraim dlí choiriúil nó le haon fhoráil dlí choiriúil, agus a n-oiriúnacht, a bheith bunaithe ar fhianaise láidir. Mar riail ghinearálta, is gá measúnuithe tionchair cuimsitheacha a dhéanamh chuige sin.

4. Ní mór ionstraimí agus forálacha dhlí coiriúil an Aontais, agus go háirithe [...] na forálacha maidir le pionóis, freagracht choiriúil, dlínse agus tréimhsí teorann, a bheith soiléir agus comhsheasmhach.

5. Ní mór d'ionstraimí agus forálacha dhlí coiriúil an Aontais córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát a urramú agus ní mór dóibh a bheith dréachtaithe ar bhealach a fhágann gur féidir leis na Ballstáit iad a chur chun feidhme i gcóras na ndlíthe coiriúla náisiúnta reatha, go háirithe gan an bonn a bhaint de chomhsheasmhacht a gcoda ginearálta.

---

5 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1—14.

**Gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gComhairle**

6. Cuirfidh an Chomhairle tús leis an obair maidir le samhailfhorálacha nuachóirithe a bhunú do dhlí coiriúil an Aontais, agus conclúidí 2009 thuasluaite ón gComhairle maidir le samhailfhorálacha á gcur san áireamh aici mar thúsphointe, go háirithe i ndáil le rialacha íosta maidir le pionóis do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, dliteanas daoine dlítheanacha, imthosca géaraitheacha agus maolaitheacha, gríosú, cabhrú agus neartú agus iarracht a dhéanamh, dlínse, tréimhsí teorann, uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha agus comhréireacha a bheith ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, agus sonraí staidrimh. Ba cheart na samhailfhorálacha sin a áireamh i reachtaíocht Eorpach sa todhchaí, a mhéid a mheastar é a bheith riachtanach aghaidh a thabhairt ar gach ábhar a chumhdaítear leo in ionstraim reachtach shonrach, agus na córais agus na traidisiúin éagsúla dlí á gcur san áireamh.

7. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí an Aontais atá rannpháirteach sa nós imeachta reachtach teacht ar chomhthuiscint maidir le samhailfhorálacha, ag tógáil ar phríomhphrionsabail dhlí coiriúil an Aontais.

8. A luaithe a chomhaontófar iad, cuirfidh an Chomhairle úsáid na samhailfhorálacha chun cinn le linn na hoibre reachtaí, ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna láidre agus réasúnaithe ann chun imeacht uathu.

9. I gcomhthráth leis an obair ar shamhailfhorálacha nuachóirithe a bhunú maidir leis an dlí coiriúil substainteach, leanfaidh an Chomhairle de mhachnamh a dhéanamh ar thodhchaí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla.

**Institiúideach**

1. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de na gníomhaíochtaí seo a leanas agus iad a fheabhsú:

   – a áirithiú go bhfuil aon togra a bhfuil gné den dlí choiriúil ag baint leis bunaithe ar fhianaise go bhfuil an reachtaíocht sin riachtanach agus comhréireach chun na cuspóirí a bhaint amach agus nach n-úsáidtear í ach mar rogha dheireanach (*ultima ratio*),

   – measúnuithe tionchair cuimsitheacha dea-ullmhaithe a tharraingt suas, lena n-áirítear tionchar aon togra ar chearta bunúsacha, agus a chuirfear ar fáil sula gcuirtear tús leis an scrúdú ar an togra sa Chomhairle.

2. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an bParlaimint go gcuirfí san áireamh an gá atá ag na Ballstáit le comhsheasmhacht a áirithiú agus le bunphrionsabail a ndlíchóras náisiúnta a choimeád, i ndáil le caibidlíocht reachtach a dhéanfar sa todhchaí.

3. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an bParlaimint machnamh comhpháirteach struchtúraithe cuimsitheach a dhéanamh ar gach gné de thodhchaí dhlí coiriúil an Aontais, lena n-áirítear comhsheasmhacht inmheánach dhlí coiriúil an Aontais a threisiú, mar aon lena chomhsheasmhacht le hionstraimí a bhfuil dlúthbhaint aige leo, agus an fhéidearthacht go mbeadh shamhailfhorálacha coiteanna ann.

4. D'fhéadfadh an saol acadúil, cleachtóirí agus saineolaithe seachtracha eile a bheith rannpháirteach sa mhachnamh struchtúraithe comhpháirteach a luaitear sa phointe roimhe seo, i gcás inarb iomchuí.